



**THE LABOUR COURT**  
*An Chúirt Oibreachais*

# Plean Straitéiseach 2022-2024

## Clár na n-ábhar

|  |   |
|--|---|
| 1. Réamhrá.....  | 2 |
| 2. Maidir leis an gCúirt Oibreachais .....   | 3 |
| 2.1. An Chúirt Oibreachais ó thaobh uimhreacha de (2020) .....                         | 3 |
| 2.2. Struchtúr .....   | 4 |
| 3. An timpeallacht inmheánach agus sheachtrach .....                                   | 4 |
| 4. Láidreachtaí, Deiseanna agus Dúshláin.....  | 5 |
| 4.1. Láidreachtaí.....   | 5 |
| 4.2. Deiseanna.....  | 5 |
| 4.3. Dúshláin .....  | 5 |
| 5. Misean, luachanna, fíis agus tosaíochtaí straitéiseacha na Cúirte Oibreachais ..... | 7 |

## 1. Réamhrá

Is é misean na Cúirte Oibreachais *“socruithe ardchaighdeáin, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach agus cinntiúchán a dhéanamh ar achomhairc i ndíospóidí bunaithe ar an dlí fostaíochta.”*

Ag leanúint ar aghaidh ón bPlean Straitéiseach roimhe seo (2019-2021), is é is aidhm don phlean straitéiseach seo spriocanna agus cuspóirí a leagan síos chun go mbeadh an Chúirt Oibreachais ábalta tacaíocht a thabhairt agus leanúint den mhisean a chur i bhfeidhm don tréimhse trí bliana 2022 – 2024.

Forbraíodh an plean i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus na hathruithe suntasacha a tharla dá barr, agus is léiriú é an plean ar an timpeallacht athraithe ina bhfuilimid ar fad ag oibriú. Cuimsítear é seo a leanas sa chomhthéacs sin:

- Oiriúnú suntasach i soláthar seirbhíse sa Chúirt ag leanúint ar aghaidh ó na hathruithe a rinneadh chun srianta gluaiseachta agus inní maidir le sláinte an phobail de bharr COVID a chur san áireamh;
- ionad oibre atá ag athrú ar fud earnálacha ar leith den gheilleagar mar aon le mórcheisteanna tinrimh a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus cur i bhfeidhm an dlí fhostaíochta
- Brúnna a d’fhéadfadh a bheith ann in earnálacha ar leith (m.sh eitlíocht, foirgníocht) a thiofadh baol díospóide i ndáil le pá agus saincheisteanna athstruchtúraithe mar thoradh orthu, mar aon le neamhchinnteacht in earnálacha ar leith i ndáil le tionchar an athraithe aeráide, leis an bpaindéim, le saincheisteanna a bhaineann le slabhra an tsoláthair, etc. a bhféadfadh díospóid a bheith mar thoradh air chomh maith;
- Éiginnteacht leantach maidir le todhchaí na margála earnála agus forbairtí a d’fhéadfadh a bheith ann i ndáil le creatlach an chómhargála.

Dearadh an plean ar bhealach ina mbeadh an inoiriúnaitheacht mar phríomhghné ann, agus ina ndírítear ar sholáthar seirbhíse den scoth trí úsáid a bhaint as tacar saincileanna a forbraíodh laistigh den Chúirt agus go seachtrach mar fhreagairt ar na srianta sláinte phoiblí a bhí ann le dhá bhliain anuas, agus iad sin a ionchorprú i nósanna imeachta na Cúirte ar bhonn níos fadtréimhsí. Leis na hathruithe sin déanfar inrochtaineacht na Cúirte a mhéadú agus cuirfear éifeachtúlachtaí ar fáil don Chúirt agus dá húsáideoirí araon.

Is éard a bheidh i gceist le cur i ngníomh an phlean:

- cuspóirí cinnte a tharmligean ar na daoine agus na grúpaí is oiriúnaí chun ceannaireacht a thabhairt agus iad á soláthar;
- pleananna gnó a chruthú ina leagfar amach aidhmeanna bliantúla, spriocanna, agus príomhfhreagrachtaí;
- monatóireacht agus tuairisciú dul chun cinn leantach i gcomhthéacs na dtáscairí feidhmíochta atá leagtha amach sa phlean straitéiseach seo;
- gné leanúnach a ionchorprú chun a ábharthacht leantach a chinntiú i dtimpeallacht atá ag athrú.

Beidh an méid seo a leanas ag teastáil le haghaidh cur i bhfeidhm an phlean straitéisigh seo:

- Ceannaireacht láidir;
- Bainistíocht láidir athruithe;
- Solúbthacht agus dílseacht ón bhfoireann agus ó bhaill;
- Tacaíochtaí oiriúnacha don fhoireann agus do bhaill atá ag idirbheartú athruithe próisis;
- Dea-rialú;
- Maoiniú inbhuanaithe.

## 2. Maidir leis an gCúirt Oibreachais

Institiúid uathúil ar bhonn domhanda is ea an Chúirt Oibreachais, a bhfuil dhá 'éadan' aici, i gcomhthéacs socraíochtaí Státmhaoinithe le haghaidh réiteach díospóidí idir fostóirí agus oibrithe. Ar thaobh amháin, tá seirbhís caidrimh thionsclaíoch curtha ar fáil ag an gCúirt ó 1946 i leith, trínar féidir díospóidí nach raibh páirtithe in ann iad féin a réiteach nó le cúnamh ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a tharchur chuig an gCúirt chun 'tuairim' a fháil i bhfoirm Moladh ón gCúirt nach bhfuil ina gceangal ar na páirtithe. Chomh maith leis sin, is í an Chúirt an t-aon chomhlacht achomhairc amháin do gach gearán a dhéantar faoin dlí fostaíochta ó Mhí Dheireadh Fómhair 2015 i leith. Leis an ról sin tugtar feidhmeanna ceangailteacha cinnteoireachta sa dlí don Chúirt. Is féidir cinntí den sórt sin ón gCúirt a achomharc ar bhonn dlí san Ard-Chúirt ach seachas sin tá siad críochnaitheach agus in-fheidhmithe.

### 2.1. An Chúirt Oibreachais ó thaobh uimhreacha de (2020)



*940 Achomharc/Atreorú*



*1065 Éisteachtaí Sceidealta*



*794 Cás Curtha i gCrích*



*13 Chomhalta*



*22 (20.4wte) Foireann Riaracháin*



*€2.8m de chaiteachas*




## 2.2. Struchtúr

### An Chúirt Oibreachais

Tá 13 chomhalta lánaimseartha sa Chúirt Oibreachais: an Cathaoirleach, 4 Leaschathaoirleach, agus 8 nGnáthchomhalta, ar Comhaltaí Fostóra iad 4 cinn acu agus Comhaltaí Oibrithe 4 cinn acu.

### Riarachán na Cúirte Oibreachais

Faigheann an Chúirt Oibreachais tacaíocht ina feidhm ó sheirbhís riaracháin ina bhfuil fostaithe buana ar státseirbhísigh iad ag obair, agus atá mar chuid de bhunú foirne na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.



## 3. An timpeallacht inmheánach agus sheachtrach

Is comhartha é ar luach agus ar rath na Cúirte go nglacann na páirtithe go deonach le formhór mór na moltaí a thugann sí maidir le caidreamh tionsclaíoch, cé gur eispéireas easaontais a bhí mar bhealach chun na Cúirte acu. Ar an gcaoi chéanna, tá leibhéal an-bheag achomhairc ann mar gheall ar obair na Cúirte i ndíospóidí faoi chearta fostaíochta chun na hArd-Chúirte maidir le pointí dlí nó athbhreithniú breithiúnach a eascraíonn as a cinntí. Is léiriú iad na hard-rátaí glactha sin le cinntí agus moltaí na Cúirte go leanann an Chúirt de sheirbhís neamhchlaonta ardchaighdeáin a sholáthar a fhreastalaíonn ar fhíor-riachtanais na n-oibrithe agus na bhfostóirí, agus a n-ionadaithe, lena n-áirítear Ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí. Is príomh-thiomantas de chuid na Cúirte Oibreachais é go leanfaidh sí de bheith tábhachtach agus oiriúnach do riachtanais fostóirí, oibrithe agus an gheilleagair i gcoitinne trí thiomantas do shármhaitheas sa chinnteoireacht agus do sheachadadh seirbhíse neamhchlaonta.

D'éirigh leis an gCúirt Oibreachais an leathnú ar a sainordú a chur in áit, a tharla nuair a cuireadh tús leis an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Tháinig méadú ar na hachomhairc a rinneadh chun

na Cúirte ar chinntí a rinne Oifigigh Bhreithnithe arna ndéanamh faoin dlí fostaíochta tar éis rith Acht 2015. Mhéadaigh na hachomhairc sin ó 399 in 2015 go 703 in 2019. Tháinig laghdú ar na huimhreacha in 2020 agus 2021, is dócha mar thoradh ar thionchar na paindéime ar dhul chun cinn na ndíospóidí roimh achomharc a dhéanamh chun na Cúirte. D'fhéadfadh go mbeadh méadú comhfhreagrach sna hachomhairc mar gheall ar na srianta sláinte phoiblí de bheith á mbaint.

Is í an Chúirt an áit ina bhféadfar cinntí arna ndéanamh ag seirbhís bhreithiúnais an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre a achomharc faoin dlí. Is cuid ríthábhachtach den dlí í nach mbeadh caidreamh ar bith ann idir an Chúirt agus seirbhís bhreithiúnais an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá an dlí ina thaca agus ina bhonn ar an scaradh sin idir an dá chomhlacht.

## 4. Láidreachtaí, Deiseanna agus Dúshláin

### 4.1. Láidreachtaí

Tá cumas na Cúirte Oibreachais a sainordú reachtúil a sholáthar bunaithe ar shaineolas, neamhchlaontacht agus gairmiúlacht a Cuid Comhaltaí, agus ar riarachán éifeachtúil cumasach. Mar a léiríodh i dtimpeallacht dheacair oibriúcháin na paindéime, téann na Comhaltaí agus an fhoireann riaracháin araon i ngleic lena ról leis an tiomantas agus an tsolúbthacht is gá chun seirbhís sheasmhach a sholáthar beag beann ar bhrúnna seachtracha. Tá na láidreachtaí seo tacaíthe ag dea-cháil na Cúirte i measc a páirtithe leasmhara, a thugann ní hamháin glacadh ginearálta le cinntí agus moltaí na Cúirte bíodh siad ceangailteach ó thaobh dlí de nó ná bíodh, ach thacaigh siad freisin le próisis nua a fhorbairt chun sainordú na Cúirte a chomhlíonadh le tacaíocht, rannpháirtíocht agus glacacht na ngeallsealbhóirí sin.

### 4.2. Deiseanna

Cuireadh dlús riachtanach leis an treocht chuig bonneagar atá ag éirí níos digitithe agus atá mar thaca le misean na Cúirte Oibreachais, atá beartaithe cheana féin i Ráiteas Straitéise 2019-2021, le linn na géarchéime sláinte poiblí in 2020 agus 2021. Laistigh agus lasmuigh den Chúirt araon, spreag an gá atá ann le roghanna fíorúla malartacha ar idirghníomhaíochtaí fisiciúla socruithe nua oibre a chur in oiriúint do chuid mhaith den fhoireann agus de na comhaltaí. Tá an deis againn anois tógáil ar na scileanna a forbraíodh le linn na paindéime agus na cumais nua sin a ionchorprú inár bpróisis.

Leagann an Chúirt Oibreachais tosaíocht ard ar fhorbairt a ndaoine chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas cuí acu chun cur le hobair na Cúirte. Mar gheall ar sholúbthacht agus oscailteacht d'athrú ón bhfoireann agus comhaltaí, a léiríodh le linn na paindéime, cuirfear tacaíochtaí oiliúna agus forbartha ar fáil agus é mar aidhm ann feabhas leanúnach a chur ar sheachadadh seirbhíse agus mar thimpeallacht oibre araon.

Leis na cleachtais athraitheacha seo, atá bunaithe ar úsáid na teicneolaíochta a leabú inár gcleachtais, cruthófar deiseanna lena ndéanfar rochtain a fheabhsú, úsáid acmhainní a bharrfheabhsú, agus éifeachtúlacht a uasmhéadú don Chúirt agus dá húsáideoirí.

### 4.3. Dúshláin

Mar gheall ar a dea-cháil ó thaobh seirbhís neamhchlaonta ardchaighdeáin a sholáthar de, ní mór don Chúirt réimse dúshlán a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Is iad sin:

- Córais ábhartha neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí maidir le caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta a réiteach a fhreastalaíonn ar riachtanais fostóirí, oibrithe agus an gheilleagair i gcoitinne;
- Feasacht ar an gCúirt Oibreachais agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre mar chomhlachtaí éagsúla a chur chun cinn, chomh maith le ról reachtúil na Cúirte Oibreachais i gcinneadh/réiteach díospóidí fostaíochta;
- Saineolas a chaomhnú ar fud na Cúirte chun soláthar cinntí maithe in ábhair a bhaineann le dlí fostaíochta a chinntiú;
- A chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCúirt chun seirbhís ardchaighdeán agus éifeachtúil a sholáthar, agus go bhfuil sé de chumas aici oibriú trí athruithe beartas agus brúnna seachtracha;
- Tionscadail TFC a chur chun cinn fad is a dhéantar na córais a reatha a chothabháil;
- Bainisteoireacht ar dhúshláin rochtana agus próisis nó córais chomhtháthaithe chun soláthar leanúnach a sainordaithe a sholáthar i dtimpeallacht atá ag athrú.

## 5. Misean, luachanna, fíis agus tosaíochtaí straitéiseacha na Cúirte Oibreachais

### Ár misean

- Socruithe ardchaighdeáin, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach agus cinntiúchán a dhéanamh ar achomhairc i ndíospóidí bunaithe ar an dlí fostaíochta.

### Ár luachanna

- Neamhchlaontacht
- Ionracas
- Fócas custaiméir-dírithé
- Éifeachtúlacht
- Nuálaíocht

### Ár bhFíis

- Táimid tiomanta do sheirbhís éifeachtúil agus ardchaighdeáin a sholáthar d'úsáideoirí na cúirte.

### Tosaíochtaí Straitéiseacha

- Seirbhís éifeachtúil agus ardchaighdeáin a sholáthar d'úsáideoirí na cúirte.
- Comhaltas agus foireann na Cúirte a fhorbairt agus tacíocht a thabhairt dóibh
- Barr feabhais a chur ar an teicneolaíocht agus an próiseas bainisteoireachta cás a fheabhsú
- Rialú éifeachtach a chinntiú

### Taca a chur faoin Soláthar

- Ceannaireacht láidir
- Bainistíocht láidir athruithe
- Sármhaitheas agus iarracht ón bhfoireann agus na comhaltaí go léir.
- Dea-rialú
- Acmhainní a chur ar fáil ar bhealach inbhuanaithe

## Tosaíochta Straitéiseach 1: Seirbhís éifeachtúil agus ardchaighdeán a sholáthar d'úsáideoirí na cúirte.

Tá baint ag an gCúirt le soláthar seirbhísí do réimse leathan úsáideoirí cúirte, lena n-áirítear oibrithe agus fostóirí, gairm an dlí, grúpaí fostóirí, ceardchumann, comhlachtaí poiblí eile, gníomhaireachtaí neamhrialtasacha, agus daoine den phobal. Freastalaíonn úsáideoirí cúirte ar an gCúirt Oibreachais ar chúiseanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith strusmhar agus naimhdeach in amanna. Déanaimid ár ndícheall leibhéal comhsheasmhach, neamhchlaonta agus ardleibhéil seirbhíse a chur ar fáil do chustaiméirí atá in oiriúint do na cúinsí.

| <i>Cuspóirí</i>  | <i>Na Príomhtháscairí Feidhmíochta</i>   |
|--|--|
| Próiseáil, liostú agus bainistíocht cás feabhsaithe a sholáthar.   | <ul style="list-style-type: none"><li>• Réitigh atá bunaithe ar theicneolaíocht agus le beagán úsáid á baint as comhaid páipéir a chur in áit</li><li>• Forbairt tuarascálacha faisnéise bainistíochta oiriúnach agus iomchuí</li><li>• Cur i ngníomh próisis agus acmhainní éifeachtúla agus éifeachtacha</li><li>• Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun úsáideoirí na Cúirte a lárú i ndearadh phróisis agus teicneolaíocht na Cúirte</li><li>• Luach ar airgead a sholáthar</li><li>• An chúirt ag feidhmiú ar a barrmhaitheas</li></ul> |
| A chinntiú go n-éascaítear gach suí Cúirte atá sceidealaithe   | <ul style="list-style-type: none"><li>• Ardchaighdeán inrochtaineachta a bhaint amach go leanúnach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó do riachtanais teanga</li><li>• An chúirt ag feidhmiú ar a barrmhaitheas</li><li>• Leantar le héisteachtaí cumaisc agus éisteachtaí atá go hiomlán i seomraí cúirte fíorúla trí ardáin ar líne</li></ul>  |
| Taca a chur faoi choincheap na Cúirte Oibreachais mar chúirt an rogha deiridh i gcás díospóidí caidrimh thionsclaíoch agus mar an comhlacht achomhairc aonair do gach gearán a dhéantar faoi chorp an dlí fostaíochta le féiniúlacht láidir bhranda agus cumarsáid leis an bpobal a fheabhsú | <ul style="list-style-type: none"><li>• Féiniúlacht bhranda láidir a fhorbairt don Chúirt Oibreachais agus Teach Lansdowne san áireamh</li><li>• Straitéis Chumarsáide Inmheánach a chur i bhfeidhm</li><li>• Tháinig méadú ar fheasacht an phobail ar fheidhmeanna agus ar ghníomhaíochtaí na Cúirte, trí úsáid a bhaint as na hardáin mheán atá ar fáil, ag labhairt go poiblí srl.</li></ul>  |
| Caighdeán cuí maidir le Seirbhís do chustaiméirí a fhorbairt   | <ul style="list-style-type: none"><li>• Caighdeán maidir le Seirbhís do chustaiméirí atá in oiriúint don Chúirt Oibreachais a fhorbairt</li><li>• An Plean gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí agus an Chairt a chur i bhfeidhm</li><li>• Rannpháirtíocht leis na príomh-úsáideoirí seirbhíse</li></ul>   |





## Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhaltaí agus foireann riaracháin na Cúirte a fhorbairt

Ní mór don Chúirt cur amach agus tuiscint ar shaol caidrimh thionsclaíoch na tíre agus fíorthuiscint ar chomhchaidrimh i bhfostaíochtaí na hÉireann a léiriú.

Os rud é gurb í an t-aon chomhlacht achomhairc le haghaidh achtacháin um chearta, bíonn an Chúirt i mbun riaradh an cheartais agus ní mór don Chúirt leibhéal ard saineolais a thaispeáint sa dlí fostaíochta, chomh maith le saineolas ar scileanna breithiúnacha agus ar chleachtas agus nósanna imeachta na Cúirte.

Tá comhaltaí cúirte tiomanta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, ó thaobh an dlí de san áireamh, de réir mar a chuirtear chun cinn é agus iompar an chaidrimh thionsclaíoch agus fostaíochta de réir mar a fhorbraíonn sé.

Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas is gá ag an bhfoireann riaracháin chun feidhmiú ag ardleibhéal d'fhonn a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach agus a gcumas a bhaint amach.

| <i>Cuspóirí</i>  | <i>Na Príomhtháscairí Feidhmíochta</i>  |
|--|---|
| <ul style="list-style-type: none"><li>• Léiríonn comhaltaí na cúirte ardleibhéal inniúlachta agus saineolais i gcaidrimh thionsclaíocha</li><li>• Léiríonn comhaltaí cúirte ardleibhéal inniúlachta agus saineolais sa dlí fostaíochta</li><li>• Léiríonn comhaltaí cúirte ardleibhéal inniúlachta agus saineolais i Scileanna Breithiúnacha</li><li>• Riachtanais forbartha gairmiúla reatha agus don todhchaí a aithint</li><li>• Bearta a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt na gcomhaltaí agus chun tacú leis an bhforbairt sin</li></ul> | <ul style="list-style-type: none"><li>• Léiríonn comhaltaí na cúirte rannpháirtíocht ghníomhach le CPD agus rannpháirtíocht in imeachtaí CPD a eagraíonn an Chúirt</li><li>• Ráta ard glactha ag páirtithe seachtracha ar mholtaí maidir le caidrimh thionsclaíoch</li><li>• Ráta íseal achomharc ar chinntí na Cúirte maidir le saincheisteanna dlí</li><li>• Ráta íseal athbhreithnithe bhreithiúnaigh</li><li>• Cáilíocht sheasmhach i gcás scríbhneoireacht cinnteoireachta dlíthiúla</li></ul>   |
| <p>Tacú le forbairt foirne riaracháin trí riachtanais oiliúna atá ann faoi láthair agus a thiocfaidh san am atá le teacht a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus a chinntiú go gcuirtear na scileanna, an t-eolas agus an taithí ar fáil don fhoireann ar fad chun feidhmiú agus forbairt a dhéanamh laistigh dá ról</p>  | <ul style="list-style-type: none"><li>• Tá soiléireacht ag an bhfoireann maidir lena ról, a ndualgais agus a bhfreagrachtaí</li><li>• Tá an fhoireann ar fad muiníneach agus inniúil chun feidhmiú go héifeachtach ina ról</li><li>• Riachtanais oiliúna foirne aitheanta agus dírithe orthu, agus cúrsaí/cláir oiliúna curtha i bhfeidhm nuair is gá</li><li>• Tá an fhoireann cáilithe agus oilte go cuí chun a ndualgais a chomhlíonadh</li><li>• Deiseanna do shoghluaisteacht inmheánach agus sheachtrach aitheanta</li><li>• Measúnú agus aiseolas leanúnach ar fheidhmíocht na foirne i bhfeidhm</li></ul> |

|   |   |
|---|---|
| <p>Foráil a dhéanamh maidir le haistriú eolais chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú nuair a bhogann baill foirne riaracháin mar gheall ar ardú céime, soghluaisteacht nó dul ar scor</p> | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Leanúint den tseirbhís a cuirtear ar fáil</li> <li>• Cláir oiliúna/oideachais a chur ar fáil</li> </ul>  |
| <p>Cumarsáid inmheánach a fheabhsú</p>  | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Coinníodh an fhoireann agus na comhaltaí ar an eolas trí chumarsáid agus tuairiscí rialta</li> <li>• An Straitéis Cumarsáide Inmheánach curtha i bhfeidhm</li> </ul> |

### Tosaíocht Straitéiseach 3: Barr feabhais a chur ar an teicneolaíocht agus an próiseas bainisteoireachta cás a fheabhsú

Tá an Chúirt ag cur barr feabhais ar acmhainneacht na teicneolaíochta chun soláthar seirbhíse a fheabhsú do na páirtithe leasmhara go léir. Déanfar na hathruithe próisis a tugadh isteach ar mhaithe le hoibriú leanúnach le linn na paidéime a bheachtú agus a fhorbairt tuilleadh chun tacú le seirbhís níos solúbtha agus níos inrochtana d'úsáideoirí na Cúirte, lena ndéanfar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht i gcleachtais na Cúirte a mhéadú.

| <i>Cuspóirí</i>  | <i>Na Príomhtháscairí Feidhmíochta</i>   |
|--|--|
| Éifeachtúlachtaí a ghiniúint trí úsáid níos mó a bhaint as soláthar seirbhíse ar líne  | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Feabhas a chur ar bhonneagar digitithe na Cúirte Oibreachais chun tacú leis an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Rochtain digitithe agus fhíorúil a chur ar fáil d'úsáideoirí na Cúirte</li> <li>○ Cian-éisteachtaí a éascú trí ardáin fhíorúla</li> <li>○ Éisteachtaí cumaisc fhisiciúla agus cian-éisteachtaí a éascú</li> <li>○ Rochtain chomhroinnte tiomántáin a úsáid chun éifeachtúlacht agus acmhainní a uasmhéadú</li> </ul> </li> </ul> |
| Próisis agus sreabhadh oibre níos éifeachtúla a aithint agus a chur i bhfeidhm   | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ní mór d'oiliúint foirne a bheith mar thaca le bonneagar digitithe a aithneofar</li> <li>• Próisis a athbhreithníodh agus a cuireadh in oiriúint de réir riachtanais úsáideoirí na cúirte</li> </ul>  |
| Feabhas a chur ar <a href="http://www.labourcourt.ie">www.labourcourt.ie</a> chun rochtain fheabhsaithe agus so-úsáidte ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí ar líne a sholáthar d'úsáideoirí cúirte. | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Méadú ar thrácht an láithreáin ghréasáin trí úsáid a bhaint as ardáin na meán sóisialta</li> <li>• Athbhreithniú leanúnach ar ábhar an láithreáin ghréasáin agus ar fhoilseacháin</li> <li>• Achomhairc agus aighneachtaí ar líne a éascú</li> </ul>  |

### Tosaíocht Straitéiseach 4: Rialú éifeachtach a chinntiú

Is réamhriachtanas é an maoiniú is gá a fháil chun go bhfeidhmeodh an Chúirt Oibreachais go héifeachtach agus chun go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht ann in úsáid na gcistí sin ionas go mbeadh an eagraíocht faoi bhainistíocht mhaith agus á rith go héifeachtach.

| <i>Cuspóirí</i>   | <i>Na Príomhtháscairí Feidhmíochta</i>  |
|---|---|
| Leanúint de bheith ag cloí le riachtanais DETE maidir le pleanáil gnó, bainistíocht riosca, bainistíocht taifead, soláthar poiblí, nósanna imeachta airgeadais, RGCS, SF. | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cloígh le caighdeáin rialachais chorparáidigh</li> <li>• Rannpháirtíocht rialta le DETE tríd an Aonad Idirchaidrimh chun trédhearcacht agus</li> </ul> |

|   |  |
|---|--|
|   | cuntasacht leanúnach a léiriú i bhfeidhmíocht na Cúirte                              |
| Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le DETE chun an leithdháileadh buiséid bhliantúil is gá a chinntiú don Chúirt Oibreachais. | <ul style="list-style-type: none"><li>• An maoiniú is gá a leithdháileadh.</li></ul> |